An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies Regulatory Authority

# Fógra Príobháideachta don Iarratasóir ar Phost

## Clár Ábhair


1. Cad iad na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseálaimid? .......................... 1
2. Cad chuige a n-úsáidfear sonraí an iarratais ar phost? ............................... 2
3. Cé a bheidh in ann rochtain a fháil ar do shonraí? .................................... 3
4. Cé chomh fada agus a choinneofar sonraí d’iarratais ar phost? .................... 3
5. Cearta Daoine is Ábhair do na Sonraí .................................................... 3
6. Sonraí Teagmhála ......................................................................... 4


San fhógra príobháideachta seo tugtar faisnéis duit maidir leis an dóigh a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil nuair a chuireann tú isteach ar phost ag an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC). Is é an ÚRCTC an rialaitheoir sonraí maidir le sonraí pearsanta a láimhseáiltear mar chuid den phróiseas earcaíochta.

## 1. Cad iad na cineálacha sonraí pearsanta a phróiseálaimid?

Baineann an fógra seo le sonraí pearsanta a phróiseáiltear le haghaidh aon iarratas ar phost a mheasúnú a chuireann tú isteach chuig an ÚRCTC. Go príomha, beidh na nithe a leanas san áireamh leis na sonraí pearsanta a phróiseálaimid:

- Ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, nó faisnéis teagmhála ábhartha eile ar bith;
- Faisnéis atá san áireamh le d’fhoirm iarratais, do CV nó sa litir chumhdaigh, amhail taithí oibre roimhe seo, áit na fostaíochta, oideachas nó faisnéis eile a chuireann tú ar fáil le linn phróiseas an iarratais.

- Cineál na fostaíochta a iarrtar, an tuarastal reatha, an tuarastal inmhianaithe, toilteanas chun athlonnú nó roghanna eile poist ar bith;
- Ainmneacha agus faisnéis teagmhála maidir le teistiméireachtaí.

Is é an t-iarratasóir atá freagrach as toiliú a fháil ó mholtóirí sula dtugann sé/sí a gcuid sonraí pearsanta don ÚRCTC. Chun nach mbeidh aon amhras ann, ní mian leis an ÚRCTC faisnéis phríobháideach nó dhílsithe (faoi phaitinn) ar bith a fháil a fuair tú ó d’fhostóirí roimhe seo.

Mar chuid den phróiseas earcaíochta, d’fhéadfadh an ÚRCTC sonraí catagóire speisialta a bhailiú agus a phróiseáil faoin RGCS (lena n-áirítear faisnéis maidir le sláinte agus míchumas). Caitear leis an bhfaisnéis sin faoi rún daingean agus déantar rochtain ar na sonraí a theorannú go docht don fhoireann a bhfuil a leithéid de shonraí ag teastáil uaithi de bharr a róil.

Tabhair faoi deara go bhfaighimid faisnéis a bhaineann le pinsin agus saoire tinnis nuair a bhíonn do cheapachán i ról i bhfoirm aistrithe ó eagraíocht eile san earnáil phoiblí.

Próiseálaimid sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas earcaíochta faoi na boinn dhleathacha de leas dlisteanach agus toiliú. Próiseáiltear sonraí pearsanta catagóirí speisialta chun críocha fostaíochta.

## 2. Cad chuige a n-úsáidfear sonraí an iarratais ar phost?

Úsáidfear sonraí an iarratais ar phost a chuirfidh tú ar fáil dúinn chun na nithe a leanas a dhéanamh:

- Do chuid faisnéise a dheimhniú;
- D’oiriúnacht don ról a mheasúnú;
- Seiceálacha a dhéanamh ar theistiméireachtaí;
- Cumarsáid a dhéanamh leat le linn phróiseas an iarratais.

Má ghlacann tú fostaíocht leis an ÚRCTC, coinneofar an fhaisnéis arna bailiú ina cuid de do thaifead fostaíochta agus úsáidfear í chun críocha fostaíochta.

Ní phróiseáiltear sonraí atá teoranta do shláinte agus do mhíchumas ach amháin chun cloí le hoibleagáidí dlíthiúla chun timpeallacht oibre atá sábháilte agus oiriúnach a chur ar fáil duit.

## 3. Cé a bheidh in ann rochtain a fháil ar do shonraí?

Tá rochtain ar do shonraí pearsanta teoranta dóibh siúd a bhfuil gá ar leith lena bpróiseáil. I gcomhthéacs na hearcaíochta, de ghnáth ní cheadófar rochtain ach don rannóg Acmhainní Daonna agus do dhuine ábhartha agus riachtanach ar bith a bhfuil baint aige/aici leis an bpróiseas earcaíochta, amhail bainisteoir earcaíochta nó agallóir. D'fhonn a chinntiú go mbíonn rochtain ag an ÚRCTC ar shaineolas leordhóthanach chun agallaimh a dhéanamh, d'fhéadfadh baint a bheith ag agallóirí seachtracha leis an bpróiseas agus beidh rochtain acu ar do chuid sonraí pearsanta faoi nós imeachta slándála sonraí arna dhearadh go cúramach.

Fostaíonn an ÚRCTC tríú páirtithe chun seirbhísí a chur ar fáil. D'fhéadfadh cuideachtaí a bheith san áireamh leo siúd a chuireann seirbhísí ar fáil maidir le hearcaíocht, tacaíocht AD, sláinte cheirde, stóráil sonraí, TF agus slándáil.

Nuair a bhíonn tríú páirtí fostaithe againn chun seirbhís a chur ar fáil, éilímid air/uirthi bearta oiriúnacha a dhéanamh chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint, agus gan na sonraí pearsanta a úsáid ach chun críocha na seirbhísí sainiúla sin a chur i bhfeidhm.

## 4. Cé chomh fada agus a choinneofar sonraí d'iarratais ar phost?

Déanfar taifid earcaíochta (iarratais ar phoist, comhfhreagras, srl.) a scriosadh nó a chur ó mhaith go slán, nó an dá rud araon, ocht mí déag (18 mí) tar éis chríochnú na hearcaíochta don ról seo. Tabhair faoi deara go gcoinníonn an ÚRCTC taifead forbhreathnaithe teoranta ar iarratais roimhe seo atá ann (lena n-áirítear ainm, aitheantóir uathúil agus toradh an iarratais). Maidir le hiarratais rathúla, coinneofar taifid earcaíochta i do chomhad pearsanra fostaí.

## 5. Cearta Daoine is Ábhair do na Sonraí

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), tá cearta áirithe ag daoine is ábhair do na sonraí maidir lena sonraí pearsanta. Seo a leanas na cearta sin:

- An ceart go gcuirfí iad ar an eolas;
- An ceart rochtana;
- An ceart ar cheartú;

- An ceart go ndéanfaí scriosadh (an ceart go ndéanfaí ndearmad);
- An ceart srian a chur ar phróiseáil
- An ceart ar iniomparthacht sonraí;
- An ceart chun cur i gcoinne.

Tabhair faoi deara nach cearta absalóideacha iad cearta um chosaint sonraí agus d'fhéadfaí iad a theorannú más gá. Má mheasann tú nach bhfuil ár gcleachtais próiseála sonraí ag teacht le hoibleagáidí reachtúla, nó má tá ceisteanna ar bith agat maidir le conas a phróiseálaimid do shonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag am ar bith chun soiléiriú a iarraidh.

Chomh maith leis sin, tá an ceart agat gearán a chur isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má cheapann tú go ndearnadh ceann ar bith de do chearta a shárú. Tá sonraí breise maidir le cearta daoine is ábhair do na sonraí ar fáil ag https://www.dataprotection.ie/en/individuals/know-yourhttps://www.dataprotection.ie/en/individuals/know-your-rights/right-access-informationrights/right-access-information.

## 6. Sonraí Teagmhála

Má tá ceisteanna ar bith agat maidir leis an dóigh a ndéantar do chuid sonraí pearsanta a láimhseáil chun críocha earcaíochta ag an ÚRCTC, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@ahbregulator.ie